SÁBHÁILTEACHT Ó DHÓITEÁN SA BHAILE

DO BHAILE A CHOSAINT Ó DHÓITEÁN

Northern Ireland Fire & Rescue Service

STOP FIRE

SÁBHÁILTEACHT Ó DHÓITEÁN
BUNFHAISNÉIS

An bhfuil tú róghnóthach chun smaoineamh ar shábháilteacht ó dhóiteán? Iarr ar dhuine ar bith a bhfuil taithí acu ar dhóiteán tí an cur amú ama í sábháilteacht ó dhóiteán agus inseoidh siad scéal eile duit.

COINNIGH DO THEACH AGUS DO THEAGHLACH SÁBHÁILTE Ó DHÓITEÁN

Léigh an bhileog seo chun an buneolas faoi shábháilteacht ó dhóiteán a mheabhrú duit féin.

BÁS AN TORADH AR LEITHSCÉALTA

An 21 Lúnasa, bhris dóiteán amach i dteach mhuintir Graham, a bhí ina gcodladh ag an am.
D'éalaigh Anne agus Michael Graham lena mbeatha. Ní raibh an t-ádh céanna ag a mbeirt leanaí, Amy (trí bliana d'aois) agus Josh (cúig bliana d'aois). Shuiteáil muintir Graham aláraim dheataigh sa halla thíos staighre agus ar an léibheann thuas staighre, ach níor sheiceáil siad na ceallraí.

AR THÁSTÁIL TÚ CEALLRAÍ D'ALÁRAM DEATAIGH LE DÉANAÍ?

ALÁRAIM DHEATAIGH

Is gléas rabhaidh é aláram deataigh a bhraitheann deatach ag an chéim is luaithe de dhóiteán. Tugann sin nóiméid thábhachtacha bhreise duit éalú.

- Bíonn costas aláram deataigh chomh híseal le £5 agus is féidir iad a cheannach in ollmhargaí nó i siopaí mórshráide.
- Má tá aláram deataigh á cheannach agat, smaoinigh ar aláram 10 mbliana a fháil. Beidh sé níos costasaí ach ní bheidh ort ceallraí a athrú chomh minic sin.
- Suiteáil aláram deataigh ar gach urlár i do theach, go hidéalach ar shíleálacha an halla nó an léibhinn. Ná cuir aláram deataigh sa chistin áit ar féidir é a chur ar siúl trí thimpiste.
- Thig leat aláram deataigh a cheannach agus é feistithe le ‘cnaipe ciúnais’ le go dtig leat an t-aláram a chiúnú má théann sé ar siúl trí thimpiste.
- Déan na ceallraí a thástáil achan seachtain.



IS RÍTHÁBHACHTACH É D’ALÁRAIM DHEATAIGH A SHEICEÁIL.

SÁBHÁILTEACHT Ó DHÓITEÁN **SA CHISTIN**

- Coinnigh cáblaí leictreacha agus nithe atá ábalta dul trí thine go héasca, amhail tuáillí gréithe, miotóga oighinn agus éadaí scaoile, amach ón sorn agus ón tóstaer.
- Coinnigh an t-oigheann, tóstaer, iarta agus gríoscán glan. Is éasca do charnadh grabhróg, saille agus gréisce dul trí thine.
- Coinnigh cáblaí leictreacha agus fearais leictreacha i bhfad ó uisce.
- Coinnigh blaincéad dóiteáin sa chistin. Thig leat í a úsáid chun fáscadh thart ar dhuine a ndeachaigh a éadaí trí thine, nó chun dóiteán beag a phlúchadh.



- Má dhéanann tú bia a dhomhainfhriochadh, triomaigh é sula gcuireann tú san ola the é. Má thagann deatach ón ola, múch an teas agus fág an friochtán le fuarú.
- Ná líon friochtán sceallóga le níos mó ná aon trian d'ola.

- Ná húsáid cipíní nó lastóirí chun cócaireán gáis a lasadh.Tá feistí splaince níos sábháilte.
- Bí cinnte nach mbíonn hanlaí sáspan ag gobadh amach ón iarta.

NÁ FÁG CÓCAIREACHT GAN DUINE INA BUN. TOSAÍONN DÓITEÁN NUAIR NACH dTUGTAR AIRD.

SA CHÁS GO dTÉANN SÁSPAN TRÍ THINE

- Ná téigh sa seans.
- Múch an teas más sábháilte sin a dhéanamh. Ná corraigh an sáspan.
- Ná caith uisce ar an sáspan choíche.
- Cuir gach duine amach as an teach agus glaoigh ar an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála.

I gCÁS DÓITEÁIN…

TÉIGH AMACH, FAN AMUIGH & GLAO: 999

NÁ TÉIGH SA SEANS.
NÍL A LEITHÉID DE RUD ANN AGUS DÓITEÁN SÁBHÁILTE. IS FEARR DÓITEÁN A CHOSC NÁ É A CHOMHRAC.

FÁG FAOI NA COMHRAICEOIRÍ DÓITEÁIN É DUL I nGLEIC LE DÓITEÁN.

SÁBHÁILTEACHT Ó DHÓITEÁN
EARRAÍ LEICTREACHA

PLOCÓIDÍ AGUS CÁBLAÍ

- Seiceáil cad é an t-aimp is airde atá an fiús sa phlocóid ábalta a láimhseáil.



- Má chaithfidh tú cuibheoir a úsáid, úsáid ceann le fiús agus coinnigh an t-aschur iomlán ag 13 aimp nó faoina bhun sin. Coimhéad! Úsáideann citeal amháin 13 aimp leis féin.

- Ná cuir cáblaí faoi chairpéid ná mataí.



- Seiceáil i gcomhair comharthaí go bhfuil sreangú ag éirí scaoilte nó plocóidí nó soicéid ag éirí lochtach, amhail loirg loiscthe nó soilse ag preabadh.

- Cuir cáblaí nua in áit aon cháblaí atá caite nó cinn a bhfuil téip thart orthu.

- Ná déan soicéid a róualú – úsáid plocóid amháin i ngach soicéad.



DÍPHLUGÁIL GLÉASANNA LEICTREACHA MURA BHFUIL SIAD IN ÚSÁID AGAT.

BLAINCÉID LEICTREACHA

- Ná fág blaincéid fillte. Stóráil iad ina luí go cothrom nó rollta ina gcorna chun an sreangú taobh istigh a chosaint.



- Ná fág blaincéad ar siúl an oíche ar fad ach amháin sa chás go bhfuil rialtáin teirmeastatacha acu le go mbeidh sé sábháilte iad a úsáid thar an oíche ar fad. Mura bhfuil, díphlugáil iad sula dtéann tú isteach sa leaba.

TÉITHEOIRÍ INIOMPARTHA

- Cuir téitheoirí lena gcúl chun balla agus lena n-aghaidh i dtreo an spáis oscailte sa seomra. Greamaigh den bhalla iad, más féidir, ionas nach dtitfidh siad.

- Ná cuir téitheoirí gar do chuirtíní ná bogfheisteas tí agus ná húsáid iad chun éadaí a thriomú choíche.

SOILSE

- Ná cuir soilse ná bolgáin gar do chuirtíní ná fabraic eile.

SEICEÁIL GO BHFUIL LIPÉAD DÓFHRIOTAÍOCH AR DO THROSCÁN.

SÁBHÁILTEACHT Ó DHÓITEÁN **TOITÍNÍ**

Is iomaí bás tionóisceach de bharr dóiteáin a tharlaíonn i dTuaisceart Éireann trí ábhair tobac a dhiúscairt go míchúramach.

- Bí thar a bheith cúramach má chaitheann tú tobac agus tú codlatach, má tá leigheas tógtha agat nó alcól ólta agat. Is ró-éasca é titim i do chodladh gan toitín atá fós ar lasadh a thabhairt faoi deara.

- Ná caith tobac sa leaba. Is ró-éasca é titim i do chodladh agus thiocfadh leis na héadaí leapa dul trí thine.
- Úsáid luaithreadán ceart i gcónaí.
- Bí cinnte go bhfuil do thoitín múchta go huile agus go hiomlán.

- Bí freagrach: coinnigh cipíní agus lastóirí in áit nach dtig le páistí breith orthu.

TÁ SÉ NÍOS TEO NÁ MAR A SHÍLEANN TÚ – THIG LE TOITÍNÍ TÚ A DHÓ AG TEOCHT OS CIONN 700ºC.

SÁBHÁILTEACHT Ó DHÓITEÁN
COINNLE

Caith le coinnle ar an dóigh a gcaithfeá le lasair ar bith eile.

- Ná fág iad gan duine éigin ina mbun.
- Múch go hiomlán iad ag deireadh na hoíche.
- Coinnigh coinnle amach ó rud ar bith a dtiocfadh leis dul trí thine, amhail bogfheisteas tí, fabraic, cuirtíní, srl.
- Thig le coinnle agus taechoinnle dromchlaí plaisteacha a leá, amhail barr teilifíseán agus folcadán. Bí cinnte go gcuireann tú iad ar dhromchla teasdíonach i gcónaí iad.

THIG LE DÓITEÁN TOSÚ I mBOMAITE – BÍ AR AN AIRDEALL AGUS COINNIGH COINNLE AMACH Ó PHÁISTÍ AGUS Ó PHEATAÍ.

SÁBHÁILTEACHT Ó DHÓITEÁN
BÍ ULLAMH

PLEANÁIL CHUN CINN

- Bí cinnte go bhfuil a fhios ag do theaghlach cad é le déanamh i gcás dóiteáin agus an dóigh le héalú go sábháilte.
- Pleanáil do bhealaí éalaithe agus coinnigh na bealaí amach saor.
- Coinnigh eochracha doirse agus fuinneog in áit a gheobhaidh tú go gasta iad.
- Dún na doirse ar fad. Ach doirse a dhúnadh, thig leat do bhealach éalaithe a choinneáil saor ó dhóiteán. Tá sin tábhachtach go háirithe i dtithe nach mbeadh éalú ó fhuinneog ann, mar shampla má chónaíonn tú i dteach trí urlár nó arasán ceap ardstórach.

CAD É LE DÉANAMH MÁ BHRISEANN DÓITEÁN AMACH

- Má tá deatach ann, fan gar don urlár áit a bhfuil an t-aer níos glaine.
- Déan iarracht fanacht socair. Cuir gach duine amach chomh gasta agus is féidir – ná cuir am amú ag fiosrú nó ag tarrtháil nithe luachmhara.

MÁ THÉANN DO CHUID ÉADAÍ TRÍ THINE

- Ná rith thart.
- Luí síos agus rollaigh thart.
- Plúch na lasracha le héadach trom, amhail cóta, blaincéad nó blaincéad dóiteáin má tá ceann gar duit.

MÁ TÁ BEALAÍ ÉALAITHE BLOCÁILTE...

- Mura dtig leat an fhuinneog a oscailt, bris an ghloine sa chúinne ar bun. Déan imeallacha briste sábháilte le tuaille nó blaincéad.

- Má tá tú ar urlár na talún nó ar an chéad urlár, téigh amach trí fhuinneog. Cuir éadaí leapa ar an talamh le leaindeáil orthu agus ísligh tú féin. Ná léim amach!

- Mura dtig leat dul amach, cuir gach duine in aon seomra amháin, ceann le fuinneog agus teileafón ann más féidir. Cuir éadaí leapa timpeall an dorais chun deatach a stopadh teacht isteach agus glao ar 999.

- Má thig leat dul amach, glao ar 999 chomh luath agus atá tú glan amach as an fhoirgneamh. Úsáid fón póca nó fon comharsan.



NÁ TÉIGH ISTEACH SAN FHOIRGNEAMH ARÍS AR CHÚIS AR BITH. FAN TAOBH AMUIGH AR AN tSEIRBHÍS DÓITEÁIN & TARRTHÁLA.

SEIRBHÍS DÓITEÁIN AGUS TARRTHÁLA THUAISCEART ÉIREANN

Ceanncheathrú
1 Sráid Seymour
Lios na gCearrbhach
BT27 4SX

Teil. 028 9266 4221
Rphost. enquiries@nifrs.org
www.nifrs.org

Northern Ireland
Fire & Rescue Service

STOP
FIRE